Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10635 - CVC / HTB / FL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 218/08)

1. An 20 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— CVC Capital Partners SICAV-FIS S.A. ("CVC", Lucsamburg),

— Hartenberg Holding, s.r.o. ("HTB", Poblacht na Seice),

— FutureLife, a.s. ("FL", Poblacht na Seice), atá á rialú ag HTB.

Gheobhaidh CVC agus HTB rialú comhpháirteach ar FL de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— CVC, a chuid fochuideachtaí agus a chuid cuideachtaí cleamhnaithe, is eintitis faoi úinéireacht phríobháideach iad, eintitis a n-áirítear ar a gcuid gníomhaíochtaí comhairle infheistíochta a chur ar fáil do chistí agus ardáin infheistíochta áirithe, agus/nó infheistíochtaí a bhainistiú thar ceann na gcistí agus na n-ardán sin. Cuireann ceann de chuideachtaí punainne CVC, Mehiläinen, cóireálacha toirchithe in vitro ("IVF") ar fáil i gclinicí san Fhionlainn.

— Is cuideachta é HTB atá dírithe ar infheistíochtaí i sócmhainní i Réigiún Lár na hEorpa, go háirithe i bPoblacht na Seice, sa tSlóvaic agus sa Pholainn, agus is é an t-aon scairshealbhóir rialaithe reatha de chuid FL é.

— Tá FL gníomhach i soláthar leighis atáirgthe i dtíortha éagsúla ar fud na hEorpa, go háirithe cóireáil IVF agus seirbhísí coimhdeacha. Ní bheidh gnó FL san Fhionlainn ná san Eastóin mar chuid den chomhchruinniú atá beartaithe, agus aistreofar chuig HTB é, agus fanfaidh sé faoi rialú HTB amháin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10635 – CVC / HTB / FL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË